Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 255

An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 66

20 Iúil 2023

Clár

II *Faisnéis*

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Coimisiún Eorpach

2023/C 255/01 Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10738 — LEAR / IG BAUERHIN) [1] 1

2023/C 255/02 Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.11151 — BDT / LGP / PROMACH) [1] 2

IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Coimisiún Eorpach

2023/C 255/03 Rátaí malairte an euro — 19 Iúil 2023 3

An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

2023/C 255/04 Achoimre ar Thuairim an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí i ndáil leis an Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le taiscí a chosaint, comhar trasteorann agus trédhearcacht *(Tá téacs iomlán na Tuairime seo le fáil i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis ar shuíomh gréasáin MECS https://edps.europa.eu)* 4

GA

[1] Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

An Oifig Eorpach um Roghnú Foirne

2023/C 255/05 Fógra Comórtais Oscailte 7

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

An Coimisiún Eorpach

2023/C 255/06 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.11185 — PERMIRA / GRUPPO FLORENCE) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ([1]) 8

GNÍOMHARTHA EILE

An Coimisiún Eorpach

2023/C 255/07 Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí 10

2023/C 255/08 Foilsiú iarratais ar leasú ar shonraíocht le haghaidh ainm san earnáil fíona dá dtagraítear in Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 13

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

(Faisnéis)

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN COIMISIÚN EORPACH

Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi

(Cás M.10738 — LEAR / IG BAUERHIN)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 255/01)

An 24 Aibreán 2023, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin 'mBeartas iomaíochta' atá ag an gCoimisiún (https://competition-cases.ec.europa.eu/search). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32023M10738. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi

(Cás M.11151 — BDT / LGP / PROMACH)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 255/02)

An 10 Iúil 2023, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin 'mBeartas iomaíochta' atá ag an gCoimisiún (https://competition-cases.ec.europa.eu/search). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32023M11151. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN COIMISIÚN EORPACH

Rátaí malairte an euro ([1])

19 Iúil 2023

(2023/C 255/03)

1 euro =

	Airgeadra	Ráta malairte		Airgeadra	Ráta malairte
USD	dollar na Stát Aontaithe	1,1222	CAD	dollar Cheanada	1,4795
JPY	yen na Seapáine	156,76	HKD	dollar Hong Cong	8,7612
DKK	krone na Danmhairge	7,4507	NZD	dollar na Nua-Shéalainne	1,7949
GBP	punt steirling	0,86918	SGD	dollar Shingeapór	1,4875
SEK	krona na Sualainne	11,4760	KRW	won na Cóiré Theas	1 420,32
CHF	franc na hEilvéise	0,9628	ZAR	rand na hAfraice Theas	20,1074
ISK	króna na hÍoslainne	146,50	CNY	renminbi-yuan na Síne	8,1014
NOK	krone na hIorua	11,2660	IDR	rupiah na hIndinéise	16 830,56
BGN	lev na Bulgáire	1,9558	MYR	ringgit na Malaeisia	5,0976
CZK	koruna Phoblacht na Seice	23,927	PHP	peso na nOileán Filipíneach	61,272
HUF	forint na hUngáire	375,00	RUB	rúbal na Rúise	
PLN	zloty na Polainne	4,4508	THB	baht na Téalainne	38,329
RON	leu na Rómáine	4,9440	BRL	real na Brasaíle	5,3996
TRY	lira na Tuirce	30,2231	MXN	peso Mheicsiceo	18,8119
AUD	dollar na hAstráile	1,6582	INR	rúipí na hIndia	92,1095

([1]) *Foinse*: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

AN MAOIRSEOIR EORPACH AR CHOSAINT SONRAÍ

Achoimre ar Thuairim an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí i ndáil leis an Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le taiscí a chosaint, comhar trasteorann agus trédhearcacht

(2023/C 255/04)

(Tá téacs iomlán na Tuairime seo le fáil i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis ar shuíomh gréasáin MECS https://edps.europa.eu)

An 18 Aibreán 2023 d'eisigh an Coimisiún Eorpach Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2014/49/AE maidir le raon feidhme na cosanta taiscí, úsáid cistí scéimeanna ráthaíochta taiscí, comhar trasteorann, agus trédhearcacht.

Is é is aidhm don Togra feabhas a chur ar chosaint taisceoirí i gcás teipeanna bainc san Aontas, agus leasanna tábhachtacha airgeadais an Aontais agus a Bhallstát a chosaint ag an am céanna.

Tá sé mar aidhm ag an Togra na spriocanna sin a bhaint amach trí leibhéal láidir cosanta a thairiscint do thaisceoirí, trí chur leis an gcóineasú i gcleachtais Scéimeanna Ráthaíochta Taisceoirí (DGS), agus trí fheabhas a chur ar an gcomhar trasteorann náisiúnta idir DGSanna, agus idir DGSanna agus na ballinstitiúidí creidmheasa agus na hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais (FIU). Is éard atá i gceist leis sin Treoir 2014/49/AE a ailíniú le rialacha AE atá ann cheana agus atá ar na bacáin maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac (AML/CFT).

Eisítear an Tuairim reatha ó MECS mar fhreagairt ar chomhairliúchán a rinne an Coimisiún Eorpach an 19 Aibreán 2023, de bhun Airteagal 42 (1) RCSAE. Molann MECS tagairt don chomhairliúchán sin a chur isteach in Aithrisí den Togra.

Is éard a bheadh i gceist leis an Togra sonraí pearsanta taisceoirí nó daoine eile a bhaineann le cionta amhrasta sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta a chomhroinnt idir FIUnna, údaráis ainmnithe agus DGSanna. Cuirtear san áireamh sa Tuairim seo na rioscaí do chearta bunúsacha agus saoirsí na ndaoine is ábhar do na sonraí a d'fhéadfadh eascairt as na malartuithe sonraí sin agus tugtar aghaidh ar mholtaí i ndáil leis na cásanna éagsúla comhroinnte sonraí de bhun an Togra. Maidir leis sin, déanann MECS roinnt moltaí.

Go háirithe, molann MECS go saineofaí catagóirí na ndaoine is ábhar do na sonraí a bhaineann leis an bpróiseáil, go saineofaí na daoine is ábhar do na sonraí lena mbaineann, agus go leagfaí síos go soiléir an cuspóir nó na cuspóirí atá leis an bpróiseáil.

Is mian le MECS aird an Choimisiúin a tharraingt freisin ar an ngá atá le dul i gcomhairle le MECS sula nglacfar aon ghníomhartha tarmligthe lena mbailíochtaítear dréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna bhforbairt ag an Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) a thabharfadh le tuiscint go ndéanfaí sonraí pearsanta a phróiseáil.

1. **RÉAMHRÁ**

1. An 18 Aibreán 2023 d'eisigh an Coimisiún Eorpach Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2014/49/AE maidir le raon feidhme na cosanta taiscí, úsáid cistí scéimeanna ráthaíochta taiscí, comhar trasteorann, agus trédhearcacht ([1]) ('an Togra').

([1]) COM(2023) 228 final.

2. De réir an Mheasúnaithe Tionchair ón gCoimisiún Eorpach ('an IA'), bhí an Treoir maidir le Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí ('an DGSD') ([2]) measartha éifeachtach maidir le feabhas a chur ar an leibhéal cosanta do thaisceoirí ar fud an AE, ar cuspóir tábhachtach de chuid an Aontais Baincéireachta é. Mar sin féin, léirítear san IA go bhfuil cur i bhfeidhm choimircí DGSD fós míchothrom i measc DGSanna náisiúnta, agus béim á leagan ar an ngá atá le rialacha comhchuibhithe chun aghaidh a thabhairt ar éagsúlachtaí a bhfuil drochthionchair acu ar thaisceoirí, agus chun an cumhdach le haghaidh cineálacha áirithe taisceoirí a shoiléiriú ([3]). Dá bhrí sin, is é cuspóir an Togra feabhas a chur ar an gcreat cosanta do thaisceoirí chun cur i bhfeidhm comhleanúnach rialacha agus machaire réidh níos fearr a áirithiú, agus cobhsaíocht airgeadais a chosaint agus muinín taisceoirí a fheabhsú ag an am céanna. Is éard atá i gceist leis sin raon feidhme na cosanta do thaisceoirí a shoiléiriú, léirithe éagsúla a shocrú ar choinníollacha maidir le cistí Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí a úsáid san Aontas, agus feabhas a chur ar éifeachtacht oibríochtúil, comhar trasteorann, agus éifeachtúlacht sa chaoi a n-oibríonn DGSanna ([4]).

3. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, agus na ceanglais a leagtar amach faoin DGSD ([5]) a shonrú tuilleadh, áirítear leis an Togra forálacha lena gceanglófaí ar institiúidí creidmheasa, ar DGSanna agus ar údaráis ainmnithe ([6]) sonraí pearsanta a phróiseáil a bhaineann le taisceoirí ar daoine nádúrtha iad, nó sonraí pearsanta a phróiseáil, b'fhéidir, i gcás ionadaithe taisceoirí ar daoine dlítheanacha iad. Go háirithe:

   a. D'fhéadfadh sé nach mbeadh institiúidí creidmheasa ar an eolas maidir leis na cliaint atá i dteideal aisíocaíochtaí taiscí atá sna cuntais chliaint, nó a bheith in ann sonraí aonair na gcliant sin a sheiceáil agus a thaifeadadh ([7]). Dá bhrí sin, le **hAirteagal 8b** nua a tugadh isteach leis an Togra, chuirfí ar chumas institiúidí creidmheasa a mheas an bhfuil taiscí cistí cliant cumhdaithe ag na DGSanna trí chead a thabhairt dóibh sonraí pearsanta áirithe faoina gcliaint a bhailiú. Dhéanfaí na catagóirí sonraí pearsanta atá le próiseáil chun na críche sin a shonrú i ndréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna bhforbairt ag an Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) ina leagfaí amach na sonraí teicniúla a bhaineann le cliaint a shainaithint le haghaidh na haisíocaíochta i gcomhréir le hAirteagal 8 den DSGD.

   b. Agus taisceoirí á n-aisíoc acu, d'fhéadfadh DGSanna teacht ar chásanna is cúis le hábhair imní maidir le sciúradh airgid agus, dá bhrí sin, molann an Coimisiún Eorpach gur cheart do DGSanna an íocaíocht amach le taisceoir a choinneáil siar nuair a chuirtear in iúl dóibh gur chuir aonad um fhaisnéis airgeadais (FIU) idirbheart, cuntas bainc nó cuntas íocaíochta ar fionraí i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le frithsciúradh airgid (AML) ([8]). Le hAirteagal **8c (1)** nua faoin Togra, chuirfí d'oibleagáid ar údaráis arna n-ainmniú ar leibhéal na mBallstát mar riarthóirí DGS an fhaisnéis fhíor-riachtanach a fuarthas ó mhaoirseoirí airgeadais a chur in iúl don DGS maidir le toradh na mbeart díchill chuí custaiméara arna ndéanamh i gcomhréir le córas AML. Ina theannta sin, de réir **mhír 3** den Airteagal céanna, thabharfadh FIUnna fógra do DGSanna faoina gcinneadh gníomhú in aghaidh taisceora de bhun rialacha AML arna leasú leis an Togra le haghaidh Treoir AML nua ('Togra AMLD 6') ([9]). I gcás ina bhfaighidh DGSanna teachtaireacht den sórt sin, cheanglófaí orthu le hAirteagal 8c (3) den Togra an aisíocaíocht leis an taisceoir a chur ar fionraí ar feadh na tréimhse céanna den bheart arna fhorchur ag an FIU.

   c. Chuirfí **Airteagal 16a** nua a cuireadh ar aghaidh leis an Togra in ionad Airteagail 4 (8) agus 14 (4) de DSGD atá ann faoi láthair, lena dtugtar teideal faoi láthair do DSGanna an fhaisnéis uile is gá chun ullmhú d'aisíocaíocht taisceoirí, lena n-áirítear 'marcálacha', a fháil óna mballinstitiúidí creidmheasa arna iarraidh sin dóibh agus iad a roinnt le DSGanna i mBallstáit eile ([10]).

([2]) Treoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le scéimeanna ráthaíochta taiscí (IO L 173, 12.6.2014, lgh. 149).

([3]) SWD(2023) 226 final.

([4]) Féach Meabhrán Míniúcháin, leathanaigh 1 agus 3.

([5]) Féach Tuairim MECS maidir leis an Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí, a eisíodh an 9 Meán Fómhair 2010, mír 7.

([6]) De réir Airteagal 2 (18) den DGSD, ciallaíonn 'údarás ainmnithe' comhlacht a riarann DGS de bhun na Treorach seo, nó, i gcás inar eintiteas príobháideach a riarann oibriú an DGS, údarás poiblí arna ainmniú ag an mBallstát lena mbaineann chun maoirseacht a dhéanamh ar an scéim sin de bhun na Treorach seo.

([7]) Aithris (14) den Togra, lena sonraítear Airteagal 8b.

([8]) Aithris (15) den Togra, lena sonraítear Airteagal 8c.

([9]) Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na sásraí atá le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit chun cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/849, COM/2021/ 423 final.

([10]) Tuairim ar an Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí (athmhúnlú), an 9 Meán Fómhair 2010, mír 9.

4. Eisítear an Tuairim reatha ó MECS mar fhreagairt ar chomhairliúchán a rinne an Coimisiún Eorpach an 19 Aibreán 2023, de bhun Airteagal 42(1) RCSAE. Molann MECS tagairt a chur leis an gcomhairliúchán seo sna hAithrisí den Togra.

6. **CONCLÚIDÍ**

27. I bhfianaise an mhéid thuasluaite, déanann MECS na moltaí seo a leanas:

(1) *tagairt a chur san áireamh don fhíoras gur cheart do na heintitis a chumhdaítear leis an Togra, RGCS agus, más infheidhme, RCSAE agus LED, a chomhlíonadh agus a n-oibleagáidí faoin Togra á gcur chun feidhme acu in aithris iomchuí;*

(2) *aithris a chur san áireamh ina luaitear comhairliúchán MECS de bhun Airteagal 42 (1) RCSAE agus de bhun na Tuairime seo;*

(3) *dul i gcomhairle le MECS sula nglacfar an gníomh tarmligthe lena ndéanfaí bailíochtú ar dhréachtchaighdeáin theicniúla rialála ÚBE lena sainítear na catagóirí sonraí pearsanta a bhfuil teideal dlí ag DGSanna iad a phróiseáil i gcomhthéacs aithint cliant chun críocha aisíocaíocht taisce, de réir Airteagal 8b den Togra;*

(4) *measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil an tagairt do chomhlíonadh Threoir 96/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 1996 maidir le cosaint dhlíthiúil bunachar sonraí* ([11]) *(an 'Treoir maidir le Bunachar Sonraí') in Airteagal 8c (1) ceart;*

(5) *leasú a dhéanamh ar Airteagal 8c (1) den Togra chun a áirithiú tuilleadh go mbeidh comhroinnt sonraí pearsanta idir maoirseoirí airgeadais agus údaráis ainmnithe, agus ina dhiaidh sin idir na húdaráis ainmnithe agus DGSanna teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach chun cur ar chumas DGSanna cinneadh a dhéanamh i dtaobh ar cheart dóibh aisíocaíocht taiscí a chur ar fionraí i gcás ábhar imní faoi sciúradh airgid nó faoi mhaoiniú sceimhlitheoireachta;*

(6) *a chur san áireamh in Airteagal 8c (2) den Togra coimircí iomchuí do chearta agus saoirsí daoine is ábhar do na sonraí, lena n-áirítear sainmhíniú ar na catagóirí sonraí pearsanta atá le roinnt le DGSanna nó atá le fáil acu, na foinsí inar cheart sonraí pearsanta den sórt sin a fháil, oibleagáidí iomchuí maidir le teorannú de réir cuspóra, agus tréimhse iomchuí stórála sonraí;*

(7) *na catagóirí sonraí pearsanta agus na daoine is ábhar do na sonraí lena mbaineann na fógraí ó FIUnna chuig DGSanna faoi Airteagal 8c (3) den Togra a shonrú, agus nach dtarlódh na fógraí sin ach amháin i gcás mainneachtain institiúid chreidmheasa an chliaint nó an úinéara thairbhiúil, agus níor cheart go gcumhdófaí leis na fógraí sin ach bearta arna ndéanamh in aghaidh taisceoirí a mhéid a bhfuil an chomhroinnt sonraí pearsanta lena mbaineann riachtanach agus comhréireach leis an aidhm atá beartaithe aisíocaíochtaí taisceoirí ar ghníomhaigh FIUnna ina n-aghaidh faoi Thogra AMLD 6 a chosc;*

(8) *go rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le MECS sula nglacfar an gníomh tarmligthe lena ndéanfaí bailíochtú ar chaighdeáin theicniúla ÚBE lena saineofaí na catagóirí sonraí pearsanta sin a mbeadh sé de cheangal ar institiúidí creidmheasa iad a roinnt le DGSanna chun na gcríoch atá liostaithe faoi Airteagal 16a den Togra.*

An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2023.

Wojciech Rafał WIEWIÓROWSKI

([11]) IO L 77, 27.3.1996, lch. 20.

V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

AN OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE

FÓGRA COMÓRTAIS OSCAILTE

(2023/C 255/05)

Tá an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) ag eagrú an chomórtais oscailte seo a leanas:

EUIPO/AD/01/23 – Riarthóirí (AD 6) i réimse na maoine intleachtúla

Tá an fógra comórtais seo foilsithe i 24 theanga in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* **C 254 A an 20 Iúil 2023**.

Tá tuilleadh eolais le fáil ar shuíomh gréasáin EPSO ([1]).

([1]) https://epso.europa.eu/ga

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11185 — PERMIRA / GRUPPO FLORENCE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 255/06)

1. An 11 Iúil 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Permira Holdings Limited ('Permira', Geansaí),

— Gruppo Florence S.p.A. ('Gruppo Florence', an Iodáil), faoi rialú Florence InvestCo S.r.l.

Gheobhaidh Permira rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Gruppo Florence ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Permira: cistí cothromais phríobháidigh a bhainistiú, lena n-áirítear cuideachtaí punainne atá gníomhach ar fud earnálacha na dtomhaltóirí, na seirbhísí, an chúraim sláinte agus na teicneolaíochta. Rialaíonn Permira na cuideachtaí seo a leanas, i measc cuideachtaí eile: (i) Golden Goose S.p.A, atá gníomhach i miondíol bróga, éadaí agus oiriúintí leathair ar de chineál sóchais iad; agus (ii) Italian Fashion Team S.r.l., atá gníomhach i monarú éadaí, coisbhirt agus earraí leathair, ar de chineál sóchais iad,

— Gruppo Florence: gníomhach i bhforbairt agus i dtáirgeadh éadaí, coisbhirt agus earraí leathair ardleibhéil le haghaidh sóbhrandaí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11185 — PERMIRA / GRUPPO FLORENCE

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

GNÍOMHARTHA EILE

AN COIMISIÚN EORPACH

Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(2023/C 255/07)

Leis an bhfoilseachán seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilseacháin seo.

DOICIMÉAD AONAIR

'Manteiga dos Açores'

Uimh. AE: PDO-PT-02645 — 21.10.2020

ATFC (X) TGFC ( )

1. **Ainmneacha**

'Manteiga dos Açores'

2. **Ballstát**

an Phortaingéil

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-earra**

3.1. *Cineál táirge*

Aicme 1.5. Olaí agus saillte (im, margairín, ola, etc.)

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is im é 'Manteiga dos Açores' a dhéantar go heisiach as uachtar paistéartha ó bhainne bó amh, bíodh salann curtha leis nó ná bíodh. Má chuirtear salann leis, is é 2 g/100 g an chainníocht uasta.

Ní cheadaítear úsáid a bhaint as bainne nó uachtar athdhéanta.

Maidir le 'Manteiga dos Açores':

— níl aon choipeoir lachtach, dathúchán bia ná leasaitheach ann;

— tá méid béite-charaitéine ≥ 5 mg KOH/g ann (arna thomhas agus úsáid á baint as crómatagrafaíocht leachta ardfheidhmíochta), rud a thugann dath buí go buí geal dó;

— tá blas agus boladh lachtach atá domhain agus úr aige;

— tá cion saille idir 81 % agus 86 % ann;

— tá uigeacht aonfhoirmeach, mhín, dhlúth aige, rud a fhágann go bhfuil an táirge éasca le leathadh.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

3.3. *Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)*

De ghnáth, déantar an eallach déiríochta a thógáil amuigh faoin aer, le rochtain ar fhéarach ar feadh na bliana agus ar aiste bia atá bunaithe ar fhéar úr agus ar fharae leasaithe a tháirgtear sa limistéar geografach.

Mar sin féin, ós rud é nach féidir riachtanais chothaithe na mbó déiríochta a shásamh i gcónaí leis na limistéir féaraigh atá ar fáil, atá beag de ghnáth, agus na hainmhithe scaipthe go dlúth, tugtar beatha fhorlíontach dóibh ó am go chéile, is é sin beatha fuinnimh cumaisc agus beatha próitéine agus féar triomaithe, go háirithe nuair a bhíonn ganntanas bia ann mar thoradh ar dhrochaimsir.

Níor cheart go dtiocfadh níos mó ná 50 % d'ábhar tirim in aiste bhia bhliantúil iomlán na n-ainmhithe ó bheatha fhorlíontach a fhaightear ó lasmuigh d'oileánra na nAsór. Áirithítear leis sin nach mbeidh tionchar ag beatha a fhaightear ó áiteanna lasmuigh den limistéar sin ar an nasc leis an limistéar geografach, ós rud é go bhfuil rochtain ag na hainmhithe ar fhéarach 365 lá in aghaidh na bliana,.

Is iad léagúim agus féara na speicis plandaí is coitianta a fhaightear i dtalamh féaraigh na nAsór, lena n-áirítear *Lolium perenne* (seagalach bhuan), *Lolium multiflorum* (seagalach Iodálach ilbhláthach), *Trifolium repens* (seamair bhán), *pratense Trifolium* (seamair dhearg) agus *Dactylis glomerata* (féar úlloird).

An sadhlas atá déanta as arbhar Indiach glas agus as féar ó go leor cineálacha éagsúla féaraigh, táirgtear é ar fad sa limistéar geografach.

Is é uachtar paistéartha ó bhainne bó amh a fhaightear go heisiach ó bha a bhíonn ag innilt thalamh na nAsór an t-amhábhar a úsáidtear chun 'Manteiga dos Açores' a dhéanamh. Ní cheadaítear úsáid a bhaint as bainne nó uachtar athdhéanta.

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór a thabhairt sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór táirgeadh an bhainne agus táirgeadh 'Manteiga dos Açores' a dhéanamh sa limistéar geografach.

3.5. *Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór an pacáistiú ar fad a dhéanamh sa limistéar geografach tionscnaimh, i.e. i saoráidí atá lonnaithe in oileánra na nAsór, toisc gur oibríocht an-íogair é, i bhfianaise chineál an táirge, go háirithe mar gheall ar an riosca ocsaídiúcháin atá ann mura ndéantar é a phacáistiú go pras.

Thairis sin, is réigiún oileánach iad na hAsóir agus, dá bhrí sin, tá siad i bhfad ó mhargaí tomhaltóirí, rud dhéanann difear go nádúrtha don chaoi a n-iompraítear é.

3.6. *Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór na focail 'Manteiga dos Açores' – DOP ['Manteiga dos Açores' – ATFC] nó 'Manteiga dos Açores' – Denominação de Origem Protegida ['Manteiga dos Açores' – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint] a bheith ar an lipéadú.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Déantar 'Manteiga dos Açores' a tháirgeadh agus a phacáistiú in oileánra na nAsór, atá comhdhéanta de naoi n-oileán lonnaithe san Atlantach Thuaidh.

Níor cheart go dtiocfadh níos mó ná 50 % d'ábhar tirim in aiste bhia bhliantúil iomlán na n-ainmhithe ó bheatha fhorlíontach a fhaightear ó lasmuigh d'oileánra na nAsór. Áirithítear leis sin nach mbeidh tionchar ag beatha a fhaightear ó áiteanna lasmuigh den limistéar sin ar an nasc leis an limistéar geografach, ós rud é go bhfuil rochtain ag na hainmhithe ar fhéarach 365 lá in aghaidh na bliana,.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Mar gheall ar a shuíomh geografach i lár an Atlantaigh Thuaidh agus tionchar Ardbhrú na nAsór, tá aeráid mhuirí mheasartha ag oileánra na nAsór a mbaineann na tréithe seo a leanas léi:

— teochtaí séimhe, le luaineachtaí teochta beaga nach mó ná 10°C, agus meánteocht aeir thart ar 14°C sa gheimhreadh agus 23 C sa samhradh;

— bogthaise choibhneasta aeir ard ag 70–75 % sa samhradh agus níos airde ná 80 % sa gheimhreadh;

— báisteach a bhíonn dáilte go cothrom le linn na bliana, ag rátaí éagsúla ón iarthar go dtí an t-oirthear, ó 748 mm in aghaidh na bliana ar Santa Maria go 1 479 mm in aghaidh na bliana ar Flores.

Tá na hoileáin níos faide ó thuaidh ná na hoileánraí eile sa Mhacarainéis, mar sin ní bhíonn tionchar díreach ag cúrsaíocht thrópaiceach orthu, ná ní bhíonn tionchar ag sruthanna polacha orthu láithreach, toisc gurb iad suíomh, déine, treo agus forbairt Ardbhrú na nAsór a chinneann athrú séasúrach ar aeráid na n-oileán. Bogann sé ó thuaidh i rith an tsamhraidh, ag brú fronta polach go domhanleithid níos airde, agus bíonn sé lonnaithe ó dheas den oileánra sa gheimhreadh, ag tabhairt fronta polach síos.

Cuidíonn éifeacht mhaolaithe an aigéin máguaird freisin le míniú a thabhairt ar na teochtaí seasmhacha agus bogthaise ard a bhaineann le haeráid na nAsór.

Tá ithir le dúrabhán, dúrabhán gainmheach agus dúrabhán cré ag na hAsóir, atá saibhir in ábhar orgánach agus potaisiam.

Dá bhrí sin, cuireann ithir agus aeráid oileánra na nAsór coinníollacha ar fáil atá an-oiriúnach chun féar a fhás, rud a chiallaíonn gur féidir le beostoc innilt ar feadh 365 lá sa bhliain.

Trí ligean do na ba a bheith amuigh faoin aer, i.e. féar úr go príomha a ithe don chuid is mó den bhliain, tugtar saintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus céadfacha don amhábhar a chuirtear ar aghaidh tríd an slabhra próiseála.

Tá 'Manteiga dos Açores' sainiúil toisc gur as uachtar ó bhainne bó amh a tháirgtear sna hAsóir amháin a dhéantar é, gan coipeoirí lachtacha, dathúcháin bhia ná leasaithigh a chur leis, rud a thugann na saintréithe a thuairiscítear i bpointe 3.2 dó, is é sin a dhath buí go dath buí geal agus blas agus boladh lachtach atá domhain agus úr.

Tugann na leibhéil arda béite-charaitéine dath atá níos déine don im go nádúrtha, gan dathanna bia a úsáid, agus is é aiste bhia na n-ainmhithe atá bunaithe ar fhéarach is cúis leo.

I gcás 'Manteiga dos Açores', tá nasc soiléir ann idir an t-amhábhar (an bainne), an timpeallacht agus na modhanna traidisiúnta feirmeoireachta beostoic, is é sin innilt bhuan i rith na bliana, modheolaíochtaí a bunaíodh agus a thosaigh os cionn 200 bliain ó shin.

Le himeacht ama, bhí na táirgeoirí in ann a saineolas traidisiúnta ar dhéanamh ime a chomhcheangal le teicneolaíochtaí nua agus le ceanglais sláinte agus sláinteachais, gan úsáid a bhaint as coipeoirí lachtacha, dathanna bia ná leasaithigh. Dá bhrí sin, déantar próiseas fisiciúil seachas bitheolaíoch ar an uachtar, gan úsáid a bhaint as coipeoirí lachtacha chun aigéadacht an táirge a mhéadú.

Na coinníollacha ithreach agus aeráide den scoth, go háirithe na hithreacha torthúla agus infhaighteacht réidh uisce mar thoradh ar bháisteach rialta, dá thoisc a chuireann fás féir úr a chur chun cinn i rith na bliana, mar aon leis na cleachtais feirmeoireachta a cuireadh ar aghaidh ó ghlúin go glúin, cuireann siad ar a gcumas do tháirgeoirí na nAsór im a dhéanamh le blas agus boladh lachtach atá domhain agus úr.

Tá córais fuaraithe bainne nua-aimseartha ag go leor feirmeacha anois, rud a chuidíonn leis an mbainne a chaomhnú agus le dea-chaighdeán a áirithiú.

Ina theannta sin, tá córas oifigiúil grádaithe bainne ag an Réigiún ar leibhéal an táirgeora, áit a ndéantar tástáil atá creidiúnaithe faoi NP EN ISO/IEC 17025:2018 chun cáilíocht fhisiceimiceach agus sláinte agus sláinteachais an bhainne a sheachadtar chuig na monarchana a ráthú, rud a chuireann le sármhaitheas táirgí déiríochta na nAsór, amhail i gcás 'Manteiga dos Açores'.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

https://tradicional.dgadr.gov.pt/images/prod_imagens/queijos/docs/CE_Manteiga_Acores_DOP.pdf

Foilsiú iarratais ar leasú ar shonraíocht le haghaidh ainm san earnáil fíona dá dtagraítear in Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(2023/C 255/08)

Leis an bhfoilsiú sin tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 98 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 2 mhí ó dháta foilsithe an iarratais seo.

IARRATAS AR LEASÚ AR AN tSONRAÍOCHT TÁIRGE

'Tejo'

PGI-PT-A1547-AM01

Dáta cur i bhfeidhm: 8.3.2017

1. **Rialacha is infheidhme maidir leis an leasú**

Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh.°1308/2013 — Leasú nach mion

2. **Tuairisc ar an leasú agus na cúiseanna leis an leasú**

2.1. *Faisnéis a bhaineann leis an iarratasóir*

Tuairisc: Faisnéis a bhaineann leis an iarratasóir a thabhairt cothrom le dáta

Cúiseanna: Tá an fhaisnéis as dáta mar sin is gá í a thabhairt cothrom le dáta. Tá gá leis sin chun a áirithiú go gcomhlíonann an tsonraíocht an reachtaíocht is infheidhme agus chun an tuairisc a cuireadh ar fáil cheana a shoiléiriú.

Ní bhaineann an leasú seo leis an doiciméad aonair.

Pointí arna leasú (sonraíocht táirge): 'Faisnéis eile' - Sonraí an iarratasóra

2.2. *Faisnéis a bhaineann le páirtithe leasmhara*

Tuairisc: Faisnéis a bhaineann le páirtithe leasmhara a scriosadh.

Cúiseanna: Mar gheall ar mhíthuiscint, iontráladh sonraí an iarratasóra sa réimse sin trí bhotún. Tá an fhaisnéis sin scriosta anois. Tá gá leis sin chun a áirithiú go gcomhlíonann an tsonraíocht an reachtaíocht is infheidhme agus chun an tuairisc a cuireadh ar fáil cheana a shoiléiriú.

Ní bhaineann an leasú seo leis an doiciméad aonair.

Pointí arna leasú (sonraíocht táirge): 'Faisnéis eile' - Páirtithe leasmhara.

2.3. *Faisnéis a bhaineann le comhlachtaí rialúcháin*

Tuairisc: Faisnéis a bhaineann leis na comhlachtaí rialúcháin a thabhairt cothrom le dáta

Cúiseanna: Tá an fhaisnéis as dáta mar sin is gá í a thabhairt cothrom le dáta. Tá gá leis sin chun a áirithiú go gcomhlíonann an tsonraíocht an reachtaíocht is infheidhme agus chun an tuairisc a cuireadh ar fáil cheana a shoiléiriú.

Ní bhaineann an leasú seo leis an doiciméad aonair.

Pointí arna leasú (sonraíocht táirge): 'Faisnéis eile' — Faisnéis a bhaineann leis na comhlachtaí rialúcháin.

2.4. *Faisnéis a bhaineann le húdaráis mhaoirseachta inniúla*

Tuairisc: Faisnéis a bhaineann leis na húdaráis mhaoirseachta inniúla a thabhairt cothrom le dáta.

Cúiseanna: Tá an fhaisnéis as dáta mar sin is gá í a thabhairt cothrom le dáta. Tá gá leis sin chun a áirithiú go gcomhlíonann an tsonraíocht an reachtaíocht is infheidhme agus chun an tuairisc a cuireadh ar fáil cheana a shoiléiriú.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

Ní bhaineann an leasú seo leis an doiciméad aonair.

Pointí arna leasú (sonraíocht táirge): ‘Faisnéis eile’ — Faisnéis a bhaineann leis na húdaráis mhaoirseachta inniúla.

2.5. *Catagóir táirge - catagóir nua táirge fíniúna a chur leis*

Tuairisc: Cuireadh an chatagóir ‘Fíon súilíneach’ leis.

Cúiseanna: Is é an rún luach eacnamaíoch táirge atá sa réigiún cheana féin a fheabhsú, trí iarratas a dhéanamh ar aitheantas dó faoin TGFC.

Tá an cineál sin táirge, a bhfuil clú air mar gheall ar a cháilíocht agus a shuaithinseacht, á dhéanamh ag na táirgeoirí cheana i gcomhréir leis na cleachtais thraidisiúnta sa réigiún. Leis an gcinneadh an táirge sin a áireamh faoi TGFC ‘Tejo’, admhaítear a thábhacht agus a cháilíocht agus an luach a thugann sé le haghaidh na dtáirgeoirí.

Ranna arna leasú (doiciméad aonair): ‘Catagóirí an táirge fíniúna’, ‘Tuairisc ar na fíonta’, ‘Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha’, ‘Nasc leis an limistéar geografach’ agus ‘Coinníollacha breise’.

Pointí arna leasú (sonraíocht táirge): ‘Catagóirí an táirge fíniúna’, ‘Tuairisc ar na fíonta’, ‘Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha’, ‘Nasc leis an limistéar geografach’ agus ‘Coinníollacha breise’.

2.6. *Catagóir táirge - catagóir nua táirge fíniúna a chur leis*

Tuairisc: Cuireadh an chatagóir ‘Fíon leathshúilíneach aeraithe’ leis.

Cúiseanna: Is é an rún luach eacnamaíoch táirge atá sa réigiún cheana féin a fheabhsú, trí iarratas a dhéanamh ar aitheantas dó faoin TGFC.

Tá an cineál sin táirge, a bhfuil clú air mar gheall ar a cháilíocht agus a shuaithinseacht, á dhéanamh ag na táirgeoirí cheana i gcomhréir leis na cleachtais thraidisiúnta sa réigiún. Leis an gcinneadh an táirge sin a áireamh faoi TGFC ‘Tejo’, admhaítear a thábhacht agus a cháilíocht agus an luach a thugann sé le haghaidh na dtáirgeoirí.

Ranna arna leasú (doiciméad aonair): ‘Catagóirí an táirge fíniúna’, ‘Tuairisc ar na fíonta’, ‘Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha’, ‘Nasc leis an limistéar geografach’ agus ‘Coinníollacha breise’.

Pointí arna leasú (sonraíocht táirge): ‘Catagóirí an táirge fíniúna’, ‘Tuairisc ar na fíonta’, ‘Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha’, ‘Nasc leis an limistéar geografach’ agus ‘Coinníollacha breise’.

2.7. *Tuairisc ar an bhfíon/na fíonta - catagóirí fíona agus fíona leathshúilínigh*

Tuairisc: Feabhsaíodh agus oiriúnaíodh an tuairisc ar na catagóirí fíona agus fíona leathshúilínigh.

Cúiseanna: Sainaithníodh gur tuairisc ghinearálta a bhí sa tuairisc a bhí ann roimhe agus nach raibh sí sonrach go leor. Mar sin oiriúnaíodh í chun na saintréithe a bhaineann le táirgí a chumhdaítear le TGFC ‘Tejo’ a áireamh. Tá gá leis sin chun a áirithiú go ndéanann an doiciméad aonair agus an tsonraíocht an reachtaíocht is infheidhme a chomhlíonadh.

Ranna arna leasú (doiciméad aonair): ‘Tuairisc ar an bhfíon/na fíonta - catagóirí fíona agus fíona leathshúilínigh’.

Pointí arna leasú (sonraíocht táirge): ‘Tuairisc ar an bhfíon/na fíonta - catagóirí fíona agus fíona leathshúilínigh’.

2.8. *Nasc leis an limistéar geografach*

Tuairisc: Rinneadh oiriúnú ar an tuairisc ar an nasc leis an limistéar geografach agus feabhsaíodh í.

Rinneadh athbhreithniú ar an bhfaisnéis maidir leis an limistéar geografach, sonraí an táirge agus a nasc cúisíoch, do na catagóirí táirge atá ann cheana agus do na catagóirí táirge nua araon.

Cúiseanna: Ós rud é, ar thaobh amháin, gur measadh gur tuairisc ghinearálta a bhí sa tuairisc roimhe seo ar an nasc, agus nach raibh sí sonrach go leor, agus, ar an taobh eile, gur ghá an tuairisc ar an nasc a chur leis na catagóirí nua táirge (fíon súilíneach agus fíon leathshúilíneach aeraithe), rinneadh athbhreithniú ar ábhar an phointe seo chun na catagóirí táirge go léir a áireamh. Leis sin feabhsaítear oibiachtúlacht an ábhair, mar go mbaineann an nasc leis an limistéar geografach leis na catagóirí go léir.

Ranna arna leasú (doiciméad aonair): 'Nasc leis an limistéar geografach'.

Pointí arna leasú (sonraíocht táirge): 'Nasc leis an limistéar geografach'.

2.9. *An t-ainmniú 'Vinho leve' [Fíon éadrom]*

Tuairisc: Tabhairt isteach na gceanglas maidir le húsáid an ainmnithe 'Leve' [Éadrom] ar an lipéadú.

Cúiseanna: An gá atá ann na coinníollacha agus na ceanglais a shocrú maidir le húsáid an ainmnithe 'Leve' [Éadrom] ar lipéadú na bhfíonta, na bhfíonta leathshúilíneacha, agus na bhfíonta leathshúilíneacha aeraithe.

Ranna arna leasú (doiciméad aonair): 'Coinníollacha breise - Forálacha breise a bhaineann le lipéadú'.

Pointí arna leasú (sonraíocht táirge): 'Coinníollacha breise - Forálacha breise a bhaineann le lipéadú'.

2.10. *Príomhchineálacha fíniúna — cineálacha nua a áireamh*

Tuairisc: An liosta cineálacha a leasú/a thabhairt cothrom le dáta.

Is iad na cineálacha a tugadh isteach: Assaraky, Avesso, Azal, Colombard, Donzelinho-Branco, Folha-de-Figueira, Fonte Cal, Greco, Gruner-Veltliner, Malvasia-Branca, Malvasia-Cândida, Manteúdo, Marsanne, Moscadet, Mourisco-Branco, Muller-Thurgau, Perrum, Petit-Manseng, Pintosa, Rabigato, Rotgipfler, Roussanne, Cercialinho, Terrantez, Terrantez-do-Pico, Trajadura, Verdejo, Alvarelhão, Amaral, Carmenere, Cornifesto, Corropio, Cot, Dolcetto, Dornfelder, Durif, Esgana-Cão-Tinto, Espadeiro, Galego, Gamay, Labrusco, Lemberger, Marselan, Marufo, Moscatel-Galego-Tinto, Mourisco, Nebbiolo, Nero, Nero-d'Avola, Petit-Bouschet, Português-Azul, Sangiovese, Sezão, Teinturier, Tinta-da-Barca, Tinta-Francisca, Tinta-Gorda, Tinta-Grossa, Tinta-Negra, Tinto-Pegões, Touriga-Fêmea, Verdelho-Tinto, Vinhão, Zinfandel, Arinto-Roxo, Bastardo-Roxo, Chasselas-Roxo, Donzelinho-Roxo, Galego-Rosado, Gouveio-Roxo, Malvasia-Cândida-Roxa, Malvasia-Fina-Roxa, Malvasia-Preta-Roxa, Moscatel-Galego-Roxo, Verdelho-Roxo.

Cúiseanna: An gá atá ann na cineálacha atá sainithe maidir le fíonta i réigiún Tagus ('Tejo') a tháirgeadh a oiriúnú agus a thabhairt cothrom le dáta do chreat dlíthiúil nua an liosta náisiúnta cineálacha atá oiriúnach le haghaidh fíon a tháirgeadh sa Phortaingéil, lena n-áirítear cineálacha nua a bhí ábhartha maidir le saintréithriú fhíonta an réigiúin.

Tá na cineálacha sin mar chuid de léarscáil chineálach thraidisiúnta an limistéir gheografaigh, mar sin ní athraítear sainghné fhíonta TGFC 'Tejo', mar thoradh ar a gcuimsiú ach cuidíonn sé leis an tuairisc a bharrfheabhsú.

Ranna arna leasú (doiciméad aonair): 'Príomhchineálacha fíonchaoire'

Pointí arna leasú (sonraíocht táirge): 'Príomhchineálacha fíonchaoire'

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

Tejo

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

TGFC — Tásc Geografach faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

4. Fíon súilíneach

8. Fíon leathshúilíneach

9. Fíon leathshúilíneach aeraithe

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

4.1. *Fíonta TGFC 'Tejo'*

Fíonta Geala - Tá réimse dathanna idir dath citris, buí na tuí agus buí órga air. Dea-bholaithe bláthanna nó torthaí laín bháin, torthaí trópaiceacha agus torthaí cloiche. Tá siad úr, measartha mín agus alcólach sa bhéal. Tá tathag mheánach agus marthanacht acu mar aon le haigéadacht chothrom.

Fíonta Rosé - Athraíonn a ndathanna ó thaobh déine de idir bándearg agus dath geal an bhradáin. Tá blas toraidh cumhra orthu mar aon le dea-bholaithe torthaí dearga a thagann le chéile le blúirín beag de dhea-bholadh bláthanna ó mhín go dian. Sa bhéal, tá siad úr, agus aigéadacht chothrom, struchtúr maith agus marthanacht acu.

Fíonta dearga - Tá dath measartha dian ar na fíonta dearga ó dhath an rúibín go dath an ghairnéid. Dea-bholaithe measartha dian de thorthaí aibí cosúil le pluma dubh agus roinnt rísín, dea-bholaithe tánaisteacha de thorthaí dearga, adhmad agus plandaí, mar aon le leideanna fínéagair bhalsamaigh, ag brath ar dhea-bholaithe na bpríomhchineálacha a úsáidtear sa fhíon. Milis, mín agus alcólach sa bhéal, mar aon le tathag mheánach agus marthanacht, roinnt aigéadachta agus beagáinín géire.

Maidir leis na paraiméadair anailíseacha eile, tá feidhm ag na luachanna atá leagtha síos sa reachtaíocht.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (% de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (% de réir toirte)	11
Aigéadacht iomlán íosta	4 ghram in aghaidh an lítir, a shloinntear mar aigéad tartarach
Aigéadacht sho-ghalaithe uasta (milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (milleagraim in aghaidh an lítir)	

4.2. *Fíonta súilíneacha TGFC 'Tejo'*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Fíonta geala - De ghnáth ar dhath buí citris a n-athraíonn a dhéine, boilgeoga míne marthanacha ann. Galánta, agus dea-bholaithe bláthanna nó torthaí laín bháin, torthaí trópaiceacha agus torthaí cloiche ann, ag brath ar dhea-bholaithe na bpríomhchineálacha fíniúna a úsáidtear. An blas sa bhéal: úire chothrom, toirt ar an gcarball agus méid áirithe aigéadachta.

Fíonta Rosé - Tá a gcuid dathanna idir bándearg agus dath geal an bhradáin. Dea-bholaithe torthaí agus cumhra ina dtagann na torthaí dearga le chéile le blasanna bláthanna. Sa bhéal tá siad úr, agus aigéadacht chothrom agus boilgeoga míne, marthanacha iontu.

Fíonta dearga - Ar na saintréithe atá acu tá dath idir dath an rúibín agus dath an ghairnéid ar dhéine mheasartha. Dea-bholaithe torthaí aibí, pluma agus fíonchaora úra, mar aon le blasanna tánaisteacha de thorthaí dearga. Sa bhéal tá siad réidh agus cothrom, agus próifíl úr agus roinnt áirithe aigéadachta acu.

Maidir leis na paraiméadair anailíseacha eile, tá feidhm ag na luachanna atá leagtha síos sa reachtaíocht.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (% de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (% de réir toirte)	7

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Aigéadacht iomlán íosta	4
Aigéadacht sho-ghalaithe uasta (milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (milleagraim in aghaidh an lítir)	

4.3. *Fíonta súilíneacha TGFC 'Tejo'*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Fíonta geala - dathanna de ghnáth idir dath buí citris agus dath buí tuí. Dea-bholaithe bláthanna nó torthaí laín bháin, torthaí trópaiceacha agus torthaí cloiche. Sa bhéal tá siad cothrom, agus úire, tathag agus roinnt áirithe aigéadachta iontu.

Fíonta Rosé - dathanna idir dath bándearg agus dath geal an bhradáin. Dea-bholaithe torthaí agus cumhra ina dtagann na torthaí dearga le chéile le blasanna bláthanna. Sa bhéal, tá siad úr, agus aigéadacht chothrom agus marthanacht áirithe acu.

Maidir leis na paraiméadair anailíseacha eile, tá feidhm ag na luachanna atá leagtha síos sa reachtaíocht.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (% de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (% de réir toirte)	7
Aigéadacht iomlán íosta	4
Aigéadacht sho-ghalaithe uasta (milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (milleagraim in aghaidh an lítir)	

4.4. *Fíonta leathshúilíneacha aeraithe TGFC 'Tejo'*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Fíonta geala - dathanna de ghnáth idir dath buí citris agus dath buí tuí. Blasanna bláthanna nó torthaí aramatacha laín bháin nó torthaí trópaiceacha. Sa bhéal, tá siad éadrom agus úr go bunúsach, agus aigéadacht chothrom acu. Cuireann dé-ocsaíd charbóin atá iontu le húire agus beocht.

Fíonta Rosé - Tá a gcuid dathanna idir bándearg agus dath geal an bhradáin. Dea-bholaithe torthaí agus cumhra ina dtagann na torthaí dearga le chéile le blasanna bláthanna. Sa bhéal, tá siad úr, agus aigéadacht chothrom agus marthanacht áirithe acu. Cuireann dé-ocsaíd charbóin atá iontu le húire agus beocht.

Maidir leis na paraiméadair anailíseacha eile, tá feidhm ag na luachanna atá leagtha síos sa reachtaíocht.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (% de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (% de réir toirte)	7
Aigéadacht iomlán íosta	4
Aigéadacht sho-ghalaithe uasta (milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (milleagraim in aghaidh an lítir)	

5. **Cleachtais fíonóireachta**

Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha

5.1. *Fíon, fíon súilíneach, fíon leathshúilíneach agus fíon leathshúilíneach aeraithe — modhanna treoraithe agus saothraithe fíniúnacha*

Modhanna saothraithe

Maidir le fíniúnacha a úsáidtear chun fíonta agus táirgí fíona a tháirgeadh agus atá i dteideal TGFC 'Tejo', ní mór dóibh a bheith ina mbarr íon agus ní mór iad a threorú chun go bhfásfaidh siad gar don talamh, agus ní mór iad a phrúnáil i stíl toir nó cordúin.

Is modhanna saothraithe traidisiúnta iad na modhanna a úsáidtear sna fíniúnacha a úsáidtear chun fíonta TGFC 'Tejo' a tháirgeadh agus is iad sin na modhanna a mholann an comhlacht deimhniúcháin comhfhreagrach.

Maidir le fíniúnacha a úsáidtear chun táirgí fíona a tháirgeadh agus atá i dteideal TGFC 'Tejo', ní mór iad a fhás nó a phlandáil ar cheann de na cineálacha ithreach seo a leanas:

a) Gnáth-reigeasail saimíteacha agus parai-hidreamhorfacha;

b) ithreacha gláracha nua-aoiseacha agus ársa;

c) ithreacha snaíochair;

d) gnáth-ithreacha liteolacha, neamhhúmacha, beagáinín neamhsháithithe a formaíodh as gaineamh mín agus garbh agus as gaineamhchloch agus as naghas nó carraig mhín;

e) ithreacha cailcreacha donna agus dearga a fhaightear i dtimpeallachtaí xéireacha, den ghnáthchineál agus créúil, as cailc agus marla;

f) créanna basailt buídhonn, neamh-chailcreacha;

g) ithreacha Meánmhara donna agus dearga nó buí d'ábhair chailcreacha agus neamh-chailcreacha, den ghnáthcineál, cosúil le cré nó ithreacha parai-hidreamhorfacha, de chailc chrua agus de dholaimítí, de ghaineamhchlocha míne, de chréanna, d'argaillítí, de naghais nó de charraig mhín agus d'arcós;

h) podsail neamh-hidreamhorfacha agus hidreamhorfacha le cruachiseal gainimh nó gaineamhchloiche nó gan an cruachiseal sin;

i) ithreacha gláracha sailíne de shalandacht mheasartha.

5.2. *Fíon, fíon súilíneach, fíon leathshúilíneach agus fíon leathshúilíneach aeraithe — neart alcóil nádúrtha de réir toirte*

Srian a bhaineann le fíonóireacht

Maidir leis an úrfhíon a úsáidtear le haghaidh táirgí atá i dteideal TGFC 'Tejo', ní mór an cion seo neart alcóil nádúrtha íosta a bheith acu de réir toirte:

a) Fíon — 11 % de réir toirte;

b) Fíon súilíneach - 9 % de réir toirte.

c) Fíon leathshúilíneach - 9 % de réir toirte;

d) Fíon leathshúilíneach aeraithe — 9 % de réir toirte.

Uastáirgeacht

Fíon, fíon súilíneach, fíon leathshúilíneach agus fíon leathshúilíneach aeraithe ag a bhfuil TGFC 'Tejo'

225 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Cuimsíonn limistéar geografach TGFC 'Tejo' an méid seo a leanas:

— ceantar Santarém, ach amháin bardas Ourém;

— i gceantar Liospóin, bardas Azambuja.

7. **An príomhchineál fíonchaoire/na príomhchineálacha fíonchaor**

Alfrocheiro - Tinta-Bastardinha

Alicante-Bouschet

Alicante-Branco

Alvarelhão - Brancelho

Alvarinho

Amaral

Antão-Vaz

Aragonez - Tinta-Roriz; Tempranillo

Arinto - Pedernã

Arinto-Roxo

Assaraky

Avesso

Azal

Baga

Bastardo - Graciosa

Bastardo-Roxo

Bical - Borrado-das-Moscas

Boal-Branco

Boal-Espinho

Cabernet-Franc

Cabernet-Sauvignon

Caladoc

Camarate

Carignan

Carmenère

Castelão - João-de-Santarém(1); Periquita

Cerceal-Branco

Cercial - Cercial-da-Bairrada

Chardonnay

Chasselas-Roxo

Chenin - Chenin-Blanc

Cinsaut

Colombard - Semilão

Cornifesto

Corropio

Cot - Malbec

Códega-do-Larinho

Dolcetto

Donzelinho-Branco

Donzelinho-Roxo

Dornfelder

Durif - Petite-Syrah

Encruzado

Esgana-Cão-Tinto

Espadeiro

Fernão-Pires - Maria-Gomes

Fernão-Pires-Rosado

Folha-de-Figueira - Dona-Branca

Fonte Cal

Galego

Galego-Dourado

Galego-Rosado

Gamay

Gewürztraminer

Gouveio

Gouveio-Roxo

Grand-Noir

Greco - Greco-di-Tufo

Grenache

Grüner-Veltliner

Jaen - Mencía

Jampal

Labrusco

Lemberger - Blaufränkisch

Loureiro

Malvasia

Malvasia-Branca

Malvasia-Cândida

Malvasia-Cândida-Roxa

Malvasia-Fina - Boal; Bual

Malvasia-Fina-Roxa

Malvasia-Preta-Roxa - Pinheira-Roxa

Malvasia-Rei

Manteúdo

Marquinhas

Marsanne

Marselan

Marufo - Mourisco-Roxo

Merlot

Monvedro

Moreto

Moscadet

Moscatel-Galego-Branco - Muscat-à-Petits-Grains

Moscatel-Galego-Roxo - Moscatel-Roxo

Moscatel-Galego-Tinto

Moscatel-Graúdo - Moscatel-de-Setúbal

Mourisco

Mourisco-Branco

Müller-Thurgau

Nebbiolo

Negra -Mole

Nero

Nero-d'Avola

Parreira-Matias

Perrum

Petit-Bouschet

Petit-Manseng

Petit-Verdot

Pinot-Blanc

Pinot-Gris - Pinot-Grigio

Pinot-Noir

Pintosa

Português-Azul - Blauer-Portugieser

Preto-Martinho

Rabigato

Rabo-de-Ovelha

Ramisco

Ratinho

Riesling

Rotgipfler

Roussanne

Rufete - Tinta-Pinheira

Sangiovese

Sauvignon - Sauvignon-Blanc

Seara-Nova

Semillon

Sercial - Esgana-Cão

Sercialinho

Sezão

Syrah - Shiraz

Síria - Roupeiro, Códega

Tamarez - Molinha

Tannat

Teinturier

Terrantez

Terrantez-do-Pico

Tinta-Barroca

Tinta-Caiada - Pau-Ferro, Tinta-Lameira

Tinta-Carvalha

Tinta-Francisca

Tinta-Gorda

Tinta-Grossa - Carrega-Tinto

Tinta-Miúda

Tinta Negra Mole, Saborinho

Tinta-Pomar

Tinta-da-Barca

Tintinha

Tinto-Cão

Tinto-Pegões

Touriga-Franca

Touriga-Fêmea

Touriga-Nacional

Trajadura - Treixadura

Trincadeira - Tinta-Amarela, Trincadeira-Preta

Trincadeira-das-Pratas

Tália - Ugni-Blanc; Trebbiano-Toscano

Verdejo

Verdelho

Verdelho-Roxo

Verdelho-Tinto

Vinhão - Sousão

Viognier

Viosinho

Vital

Zinfandel

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

Fíon, fíon súilíneach, fíon leathshúilíneach agus fíon leathshúilíneach aeraithe

Mionsonraí faoin limistéar geografach is ábhartha maidir leis an nasc

Tá feidhm ag na gnéithe seo maidir leis an bhfíon, leis an bhfíon súilíneach, leis an bhfíon leathshúilíneach agus leis an bhfíon leathshúilíneach aeraithe.

Tosca nádúrtha

Tá an limistéar geografach suite i gcroílár na Portaingéile. Clúdaíonn sé críoch iomlán ghleann abhann Tagus, a fhad iomlán, nach mór, ar chríoch na Portaingéile, chomh fada lena hinbhear gar do Liospóin.

Is iad na príomhghnéithe oragrafacha sléibhte Montejunto, Aires, agus Candeeiros, a chuireann teorainn leis an réigiún ar an taobh thiar agus a thugann foscadh dó ar aimsir an Atlantaigh.

Tá aeráid mheasartha ann agus meánteochtaí measartha (idir 15 ° C agus 17 ° C), neart tréimhsí gréine (thart ar 2 800 uair an chloig de thréimhsí gréine in aghaidh na bliana) agus ardleibhéal báistí (is é sin, meánbháisteach bhliantúil 750 mm) ann, go mór mór i míonna an gheimhridh.

Imríonn an abhainn Tagus a thrasnaíonn an réigiún agus atá mar phríomhghné aige tionchar maolaitheach ar an aeráid mar gheall ar an méid uisce atá inti, ar feadh na bliana. Mar sin, leanann oícheanta úra agus taise laethanta te an tsamhraidh.

Chomh maith lena thionchar láidir ar aeráid an réigiúin, tá ról cinntitheach ag abhainn Tagus freisin maidir le foirmiú na n-ithreacha atá mar shaintréith aige: 'Campo' — ina bhfuil ithreacha gláracha fíorthorthúla, 'Charneca'- ina bhfuil ithreacha gainmheacha agus ithreacha nach bhfuil an-torthúil, agus 'Bairro'- ina bhfuil ithreacha measartha torthúil de chré-aolchloiche.

Tosca daonna

Tá fianaise ann go dtéann stair an fhíonshaothraithe sa réigiún siar go dtí an aimsir sula raibh an Phortaingéil ina náisiún, agus deirtear gurbh iad na Rómhánaigh an chéad dream a thug an barr seo isteach sa réigiún. Deirtear go raibh ról lárnach aige maidir le lonnú sa réigiún i gcaitheamh na n-aoiseanna.

Baineann saintréithe sonracha na dtáirgí leis an limistéar geografach

Tá saintréithe idirdhealaitheacha comhchoiteanna ag fíonta TGFC 'Tejo', is e sin, ag fíonta, fíonta súilíneacha, fíonta leathshúilíneacha agus fíonta leathshúilíneacha aeraithe, toisc gur táirgí fíona aramatacha, úra agus cothromaithe iad a bhfuil aigéadacht shuntasach acu.

Nasc leis an limistéar geografach

Cinntear tréithe cáilíochta na bhfíonta de réir thionchar ithreach agus dhálaí aeráide an limistéir gheografaigh.

Na tréimhsí fada gréine a thaifeadtar sa réigiún agus an leibhéal ard báistí, cuireann siad sin carnadh siúcraí sna fíonchaora chun cinn. Ar an láimh eile, cinntíonn tionchar láidir an abhann Tagus aimsir bhog ar feadh na bliana ar fad. Sa samhradh, ciallaíonn tionchar na habhann oícheanta fionnuaire taise, rud a laghdaíonn go mór an strus uisce ar na plandaí.

Mar gheall ar na coinníollacha seo i dteannta a chéile cinntítear aibiú cothrom na bhfíonchaor, rud a chiallaíonn go gcoinníonn siad leibhéal maith aigéadachta nádúrtha. Tugann sé sin úire agus cothromaíocht do na táirgí fíona idir aigéadacht agus alcól, ar tréith aitheanta í de na fíonta TGFC 'Tejo', is é sin, fíonta, fíonta súilíneacha, fíonta leathshúilíneacha agus fíonta leathshúilíneacha aeraithe.

Tá ról mór ag na cineálacha éagsúla ithreach sa réigiún ag a bhfuil leibhéil éagsúla torthúlachta, in éineacht le rogha na gcineálacha fíniúna is fearr a oireann do na dálaí ar leith sin, maidir lena ndifreáil, a gcáilíocht agus a dtréithe bunúsacha.

Tá na cineálacha agus roghnú cúramach na gcineálacha seo chun a áirithiú go ndéantar iad a oiriúnú a fheabhas is féidir do dhálaí laistigh den réigiún ina gcomhpháirt ríthábhachtach i sainiúlacht táirgí fíona atá i dteideal TGFC 'Tejo'. Chomh maith leis an iliomad cineálacha fíniúna dúchasacha a bhfuil carachtar láidir réigiúnach acu, tá cineálacha eile ann atá oiriúnaithe go foirfe do thíreolaíocht agus do shrianta an tírdhreacha sa réigiún.

Tá tábhacht chinntitheach ag baint leis an ngné dhaonna, rud a chaomhnaíonn traidisiúin a théann siar na mílte bliain agus a léirítear sa rogha cineálacha a b'fhearr a chuaigh in oiriúint do na dálaí sa limistéar geografach, maidir le fíonchaora a tháirgeadh a thugann a saintréithe sainiúla 'Tejo' fhíonta TGFC 'Tejo', is é sin, d'fhíonta, fíonta súilíneacha, fíonta leathshúilíneacha, agus fíonta leathshúilíneacha aeraithe.

Mar thoradh ar an nasc idir na tosca ithreach agus aeráide, cineálacha fíniúna an réigiúin agus an saineolas traidisiúnta faightear fíonta a bhfuil saintréithe ar leith acu a áiríonn mianracht, aigéadacht agus úire na dtáirgí fíona atá i dteideal TGFC 'Tejo' a bheith orthu.

9. **Coinníollacha breise riachtanacha**

Fíon, fíon súilíneach, fíon leathshúilíneach agus fíon leathshúilíneach aeraithe - Lipéadú

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Measúnú ar lipéadú roimh chur ar an margadh.

Léiriú éigeantach ar an lipéad atá sa mharc.

Fíon, fíon leathshúilíneach agus fíon leathshúilíneach aeraithe — an t-ainmniú 'Leve'

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór neart alcóil iarbhír de réir toirte nach mó ná 10.5 % de réir toirte a bheith ag fíon, fíon leathshúilíneach agus fíon leathshúilíneach aeraithe ar a bhfuil an t-ainmniú 'Leve' [Éadrom] ar an lipéadú agus ní mór aigéadacht iomlán a bheith ann arna sloinneadh mar aigéad tartarach de 4 g/l ar a laghad.

Nasc leis an tsonraíocht táirge

http://www.ivv.gov.pt/np4/8616.html

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA